C/2025/3167

20.6.2025

Gabháil Mhéaraí na Tuirce agus an tIonsaí ar an Daonlathas Áitiúil sa Tír

(C/2025/3167)

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(A) An 19 Márta 2025, gabhadh Méara Iostanbúl, Ekrem İmamoğlu, mar aon le breis agus céad duine eile, idir oifigigh rialtais áitiúil agus saoránaigh de chuid na Tuirce. Dheimhnigh ionchúisitheoir Iostanbúl go raibh cúiseanna á gcur i gcoinne an Mhéara agus cuireadh as oifig é an 23 Márta 2025.

(B) Ina cháil mar Mhéara ar Iostanbúl agus mar Uachtarán ar Aontas Bhardais na Tuirce, tá baint mhór ag ceannaireacht Ekrem İmamoğlu leis an uaillmhian go mbeadh an Tuirc fothaithe sna blianta amach romhainn ar an iolrachas, ar an gceartas, agus ar an urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha.

(C) Is ríléir go bhfuil ceist pholaitíochta déanta den chás – cuireadh céim ollscoile an Uasail İmamoğlu ar ceal, agus céim de dhíth le seasamh mar iarrthóir i dtoghchán na hUachtaránachta, agus gabhadh é ar chúiseanna éillithe agus sceimhlitheoireachta.

(D) Tá gabháil an Uasail İmamoğlu ar chás eile den raidhse cásanna inar gabhadh agus inar dífhostaíodh méaraí den fhreasúra, lena n-áirítear 14 chás ó bhí na toghcháin áitiúla ann i mí an Mhárta 2023 inar cuireadh iontaobhaithe arna gceapadh ag an stát in ionad méaraí tofa.

(E) An cleachtas sin trína ndífhostaítear méaraí den fhreasúra, tá sé cáinte ag CnaR san iliomad tuairimí uaidh, ag an gCoimisiún Eorpach, ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhdháil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha, agus ag Coimisiún na Veinéise de Chomhairle na hEorpa, mar chleachtas a thagann salach ar an daonlathas áitiúil.

(F) Tá mí-úsáid chórasach bainte ag an Tuirc as dlíthe frithsceimhlitheoireachta chun díriú ar oifigigh thofa, ar pholaiteoirí an fhreasúra agus ar chosantóirí chearta an duine, rud a thug Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe agus Coimisiún na Veinéise dá n-aire.

(G) Toisc gur iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas Eorpach í an Tuirc, bítear ag súil leis go gcloífidh sí leis na caighdeáin is airde daonlathais agus smachta reachta. Cuid bhunúsach de na caighdeáin sin is ea an daonlathas áitiúil agus rialachas éifeachtach il-leibhéil, gan beann ar chleamhnacht pholaitíochta.

(1) Cáineann CnaR go láidir gabháil agus coinneáil ceannairí áitiúla de chuid an fhreasúra, Méara Iostanbúl, Ekrem İmamoğlu, san áireamh. Is sárú tromchúiseach ar rialacha an daonlathais atá sna bearta sin agus neamhaird fhollasach á tabhairt ar thoil na dtoghthóirí. Tá an díriú córasach ar pholaiteoirí an fhreasúra ina bhaol don rud is bunchloch ag sochaithe daonlathacha.

(2) Tathantaíonn CnaR ar údaráis na Tuirce Méara Iostanbúl agus polaiteoirí eile de chuid an fhreasúra atá faoi choinneáil ar chúiseanna polaitiúla a scaoileadh saor láithreach agus iarrann sé ar na húdaráis deireadh a chur le gach ionchúiseamh arb í an pholaitíocht is cionsiocair leis agus an brú míchuí atá á chur ar na húdaráis áitiúla a bhaint. Tá sé ríthábhachtach cothroime agus neamhchlaontacht na mbreithiúna a áirithiú le nach mbainfear den mhuinín atá ag an bpobal as na hinstitiúidí daonlathacha.

(3) Seasann CnaR go dlúth leis na ceannairí áitiúla uile a bhfuil brú míchuí á chur orthu agus géarleanúint á déanamh orthu. Tuigeann sé a ríthábhachtaí atá siad mar ionadaithe thoil dhaonlathach na dtoghthóirí agus meabhraíonn sé a thábhachtaí atá sé a neamhspleáchas a chosaint. Is mian le CnaR tacú le pobal Iostanbúl agus le gach uile dhuine sa Tuirc atá tiomanta do thodhchaí an daonlathais áitiúil, tiomantas a léiríodh tríd an ráta an-ard vótála sna toghcháin áitiúla.

(4) Seasann CnaR le saoránaigh na Tuirce atá i mbun léirsithe ar son an daonlathais agus meabhraíonn sé a thábhachtaí atá saoirsí bunúsacha an chomhthionóil agus chun tuairimí a nochtadh. Tathantaíonn CnaR ar na húdaráis phoiblí deireadh a chur le gach iarracht atá á déanamh léirsitheoirí agus iriseoirí a chur faoi chois.

(5) Meabhraíonn CnaR go bhfuil tionchar díobhálach ar cháilíocht, trédhearcacht agus freagrachtaí an rialachais áitiúil ag na gabhálacha sin agus ag iarrachtaí eile an rialtais láir srian a chur le cumhacht agus le hacmhainní na mbardas sin atá faoi stiúir an fhreasúra. Nuair a bhaintear an bonn de na hinstitiúidí áitiúla, déantar dochar do ghnáthshaol na milliún daoine sa Tuirc.

(6) Is díol sásaimh do CnaR an méid a d'iarr Parlaimint na hEorpa sa rún uaidh maidir le dífhostú agus gabháil méaraí sa Tuirc le déanaí (2025/2546(RSP)) ([1]) ar Ardionadaí/Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh bearta sriantacha a dhéanamh i gcoinne na n-oifigeach Turcach sin atá ag gníomhú mar iontaobhaithe agus ina gcoinne siúd a cheap iad. Iarrann sé ar an Ardionadaí/Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh machnamh a dhéanamh ar bhearta sriantacha a fhorchur faoi Chóras Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine.

(7) Tacaíonn CnaR leis na héilimh a rinne an Chomhdháil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha i gComhairle na hEorpa sa dearbhú uaithi an 27 Márta 2025, mar atá, *Dismissals of mayors in Türkiye*.

(8) Tathantaíonn CnaR ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an gComhairle athmhachnamh a dhéanamh ar aon chéimeanna breise a bhaineann le próiseas aontachais na Tuirce, óir is neamhaird atá á déanamh ag rialtas na Tuirce faoi láthair ar chritéir bhunriachtanacha a bhaineann le ballraíocht na tíre san Aontas Eorpach. Meabhraíonn sé gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na Tuirce i gcláir airgeadais agus institiúideacha an Aontais mar thoradh ar an gcreimeadh leanúnach ar chearta bunúsacha.

(9) Rachaidh toscaireacht ó Choiste Eorpach na Réigiún chun na Tuirce le cuairt a thabhairt ar Mhéara Iostanbúl Ekrem İmamoğlu atá i bpríosún ar mhaithe lena léiriú ar bhealach follasach go seasann an Coiste i ndlúthpháirtíocht le hoifigigh áitiúla uile na Tuirce atá i bpríosún agus go dtacaíonn sé leo.

(10) Dearbhaíonn CnaR athuair go bhfuil sé tiomanta an daonlathas áitiúil a chur chun cinn agus a chosaint sa Tuirc, tír ar comhpháirtí straitéiseach de chuid an Aontais í agus atá ar cheann de na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas. Geallann sé go leanfaidh sé den chomhar tríd an Meitheal um an gCaidreamh leis an Tuirc le ceannairí áitiúla a toghadh go daonlathach sa Tuirc, d'fhonn a áirithiú go n-urramófar prionsabail an daonlathais agus go gcloífear leo ar an leibhéal áitiúil.

(11) Treoraíonn CnaR d'Uachtarán an Choiste an Rún Práinneach seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Ardionadaí/Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, chuig Uachtaránachtaí na hUngáire, na Polainne agus na Danmhairge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig údaráis na Tuirce, agus féachaint chuige go ndéanfar an rún a aistriú go Tuircis.

An Bhruiséil, an 3 Aibreán 2025.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Kata TÜTTŐ

([1]) https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/en/procedure-file?reference=2025/2546(RSP).